**GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 3.12.2008
COM(2008) 838

2008/0245 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le cáilitheacht infheistíochtaí in éifeachtacht fuinnimh agus i bhfuinneamh inathnuaite san earnáil tithíochta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le linn a bheith ag déileáil leis an ngéarchéim airgeadais, ghlac an Coimisiúin an deis creat a mholadh do na Ballstáit a dhíríonn ar an bhfíorgheilleagar[1] a spreagadh. Ghlac an Plean do Théarnamh Eacnamaíoch Eorpach[2] dá éis sin leis an tionscnamh seo a d'fhormhuinigh na Ballstáit agus moltar sa phlean seo, i measc rudaí eile, bearta i limistéir tosaíochta Straitéis Liospóin a ghlacadh. Ó thaobh an fhuinnimh, tugtar aird faoi leith ar éifeachtacht fuinnimh i bhfoirgnimh a fheabhsú. Tugtar spreagadh do na Ballstáit, dá bhrí sin, athchlárú a dhéanamh ar a gcuid Clár Oibríochtúil um Chistí Struchtúracha d'fhonn tuilleadh de na cistí a dhíriú ar infheistíochtaí atá éifeachtach ó thaobh an fhuinnimh de, lena n-áirítear cásanna ina dtugtar maoiniú do thithíocht shóisialta. Chun go dtarlóidh amhlaidh, tá leasú ar an gcreat reatha rialúcháin ag teastáil.

- **Comhthéacs ginearálta**

Cuidíonn borradh na hinfheistíochta fuinnimh i bhfoirgnimh le poitéinseal fáis inbhuanaithe na hEorpa a fheabhsú, le hiomaíochas an AE a chur chun cinn, le heolas i réimse na héifeachtachta fuinnimh agus an fhuinnimh inathnuaite a fheabhsú agus le cuspóirí na Straitéise Fuinnimh Eorpaí a chur chun cinn. Thairis sin, daingníonn infheistíocht phoiblí a dhéantar i bhfabhar teaghlach ar ioncam íseal dlúthpháirtíocht agus áirithítear léi comhtháthú sóisialta sa tréimhse seo.

Cé nach bhfuil ann d'inniúlacht an AE san earnáil seo, tá tionchar ag beartais éagsúla an AE ar chúrsaí tithíochta. Tá sé faoi inniúlacht na mBallstát cinneadh a dhéanamh tacú le hinfheistíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, lena n-áirítear tithíocht shóisialta. Le déanaí, le linn cruinnithe neamhfhoirmiúil a tionóladh in Marseille an 24 Samhain 2008, leag na hAirí Tithíochta béim ar an tábhacht agus ar an ngá a bhaineann le tacaíocht dá leithéid.

Mar atá faoi láthair tá sé tábhachtach, ag an gcéad chéim, úsáid thacaíocht airgeadais an AE a éascú le haghaidh an chineáil seo infheistíochta tríd an ionstraim chuí dlí a sholáthar do na Ballstáit ar fad agus, ina dhiaidh sin, úsáid chuí na saoráide seo ag na Ballstáit a áirithiú. Thairis sin, ba cheart tacaíocht chómhaoinithe phoiblí an AE bheith teoranta do na teaghlaigh sin is mó gátair agus dóibh siúd amháin.

Sa togra beartaithe cuirtear infheistíocht i réimsí na héifeachtachta fuinnimh agus an fhuinnimh inathnuaite chun cinn agus is ceann de phríomheilimintí Straitéis an AE um Fhuinneamh agus Athrú Aeráide an cineál seo infheistíochta. Idirghabháil le tosaíocht faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) is ea í.

[1] COIM(2008) 706.
[2] COIM(2008) 800.

- **Na forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Faoin gcreat reatha rialúcháin, baineann na hidirghabhálacha in earnáil na tithíochta lena dtacaíonn CFRE, lena n-áirítear éifeachtacht fuinnimh, leis na Ballstáit sin amháin a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin, agus tá na hidirghabhalacha seo faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006.

- **Comhsheasmhacht le beartais agus le cuspóirí eile an Aontais**

Tá an togra seo i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí beartais an AE i réimsí an chomhshaoil, na héifeachtacha fuinnimh agus an fhuinnimh inathnuaite agus cuirtear chun cinn ann cuspóirí Threoir 2002/91/CE maidir le feidhmiú fuinnimh i bhfoirgnimh[3], cuspóirí Threoir 2006/32/CE maidir le héifeachtacht úsáide deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh lena n-aisghairtear Treoir 93/76/CEE[4] ón gComhairle, agus cuspóirí Togra le haghaidh treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn[5].

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

- **Comhairliúchán le páirtithe leasmhara**

*Modhanna comhairliúcháin, príomhearnálacha ar díríodh orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí*

Tugadh deis le linn an dá chruinniú de chuid an Choiste um Chomhordú Cistí an 24 Meán Fómhair 2008 agus an 21 Deireadh Fómhair 2008 an méid solúbthachta a cheadaítear faoi théacs an Rialacháin a scrúdú i nóta treorach ar cháilitheacht na héifeachtachta fuinnimh agus an fhuinnimh inathnuaite i bhfoirgnimh (nóta COCOF Uimh. 08/0034/02).

*Achoimre ar fhreagraí agus an bealach ar cuireadh san áireamh iad*

Ba é toradh na gcomhairliúchán seo ar fad gur bhraith na Ballstáit nach raibh réitigh a bhí bunaithe ar léiriú Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 leordhóthanach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú iarmharta**

Leis an togra reatha, cuirtear i gcríoch sraith d'athruithe neamhrialála a fhéachann le háirithiú gur féidir le gach Ballstát leas a bhaint as na féidearthachtaí cómhaoinithe atá ann faoi CFRE agus faoin gCiste Comhtháite (nóta COCOF Uimh. 08/0034/02).

---

[3] IO L 1, 4.1.2003, lch. 65.
[4] IO L 114, 27.4.2006, lch. 64.
[5] COIM(2008) 19, 23.1.2008.

Leathnaítear sa togra an raon feidhme cáilitheachta a bhaineann le caiteachas ar thithíocht d'fhonn a thuilleadh infheistíochtaí a cheadú agus a éascú, infheistíochtaí nach bhféadfaí a dhéanamh gan an creat rialúcháin atá ann cheana a mhodhnú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an mbeart atá beartaithe**

Féachann an leasú beartaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa le hidirghabhálacha i dtaobh na héifeachtachta fuinnimh agus an fhuinnimh inathnuaite san earnáil tithíochta a cheadú agus a éascú sna Ballstát ar fad. D'fhonn torthaí substaintiúla eacnamaíocha a bhaint amach, tá sé tábhachtach tabhairt faoin gcineál seo infheistíochtaí ar bhealach nach bhfuil scaoilte ná leithliseach ach atá faoi chuimsiú scéime arna bunú ag na húdaráis náisiúnta poiblí ar an leibhéal cuí. D'fhéadfadh scéim Státchabhrach nó clár um oibreacha poiblí ar scála mór, mar shampla, bheith i gceist leis an scéim seo. Tá sé riachtanach freisin, faoi chuimsiú na n-idirghabhálacha faoin mbeartas comhtháthaithe, go ndíreofar na hiarrachtaí ar na réimsí ina bhfuil idirghabháil phoiblí ag teastáil, is é sin chun sochar na dteaghlach atá ar ioncam íseal sa chás seo. De bharr nach bhfuil aon sainmhíniú ag an AE ar theaghlaigh ar ioncam íseal, ní mór do na Ballstáit sainmhíniú náisiúnta a chur i bhfeidhm bunaithe ar na forálacha náisiúnta atá i bhfeidhm.

- **Bunús Dlí**

Sainítear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999 na rialacha cáilitheachta is infheidhme maidir leis an earnáil tithíochta.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta a mhéad is go bhféachann sé le tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit i bhfoirm athruithe a neartóidh an ról atá acu faoi chuimsiú chomhbhainistíocht na gCistí. Thairis sin, ceadaíonn an togra beartaithe do na Ballstáit an tacaíocht phoiblí a léiriú ar bhealach a mheasann siadsan atá níos iomchuí agus sainmhínithe náisiúnta a úsáid chun teaghlaigh ar ioncam íseal a shainiú.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Tá an togra ag teacht le prionsabal na comhréireachta ós rud é go bhfuil sé teoranta d'fhoráil a dhéanamh sna Ballstáit ar fad do cháilitheacht infheistíochtaí fuinnimh faoi CRFE in earnáil na tithíochta le haghaidh teaghlach ar ioncam íseal gan coinníollacha breise á gcur leis.

Tugtar leis an togra deis bhreise maidir le gníomhaíocht infheistíochta sna Ballstáit chun sochar dóibh siúd amháin a bhfuil tacaíocht phoiblí ag teastáil uathu.

- **Rogha ionstraimí**

Ionstraimí beartaithe: rialachán.

Ní bheadh modhanna eile leordhóthanach ar na cúiseanna seo a leanas.

Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún cheana féin ar na teorainneacha a bhaineann leis an reachtaíocht reatha. Fiú amháin sa léamh is leithne den reachtaíocht, ní cheadaíonn na rialacha reatha lena leagtar síos cáilitheacht teoranta, infheistíochtaí tábhachtacha a dhéanamh san earnáil tithíochta sna Ballstáit ar fad.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl impleacht ar bith ag an togra ar bhuiséad an Chomhphobail.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le cáilitheacht infheistíochtaí in éifeachtacht fuinnimh agus i bhfuinneamh inathnuaite san earnáil tithíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 162 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[6],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den chonradh,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) D'fhonn poitéinseal fáis inbhuanaithe na hEorpa a fheabhsú san fhadtéarma, ghlac an Coimisiún le Teachtaireacht ar Phlean do Théarnamh Eacnamaíoch Eorpach[9] a dhéanann an tábhacht a bhaineann le tabhairt faoi infheistíochtaí a fheabhsóidh éifeachtacht fuinnimh i bhfoirgnimh, lena n-áirítear an earnáil tithíochta, a mheas.

(2) Tacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa le hidirghabhálacha in earnáil na tithíochta, lena n-áirítear éifeachtacht fuinnimh, i bhfábhar na mBallstát a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin amháin, i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999[10]. Ba cheart an tacaíocht airgeadais sin i dtaobh infheistíochta in éifeachtacht fuinnimh agus i bhfuinneamh inathnuaite san earnáil tithíochta a bheith ar fáil do na Ballstáit ar fad.

---

6 IO C [...], [...], lch. [...].
7 IO C [...], [...], lch. [...].
8 IO C [...], [...], lch. [...].
9 COIM(2008) 800, 26.11.2008.
10 IO L 210, 31.7.2006, lch. 1.

(3) Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do na hinfheistíochtaí sin a dhéantar faoi chuimsiú na scéimeanna poiblí i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtacht úsáide deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh lena n-aisghairtear Treoir 93/76/CEE[11] ón gComhairle.

(4) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na cuspóirí um chomtháthú eacnamaíoch agus sóisialta mar a leagtar amach in Airteagal 158 de Chonradh CE, ba cheart idirghabhálacha a dhíriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal, mar atá sainithe sa reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm.

(5) Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 mar seo a leanas:

1. Cuirtear an mhír 1a seo i ndiaidh mhír 1:

"1.a. Beidh gach Ballstát i dteideal caiteachais ar fheabhsú éifeachtachta fuinnimh agus ar úsáid fuinnimh inathnuaite i gcás tithe atá ann cheana agus i bhfabhar teaghlach ar ioncam íseal."

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh de mhír 2:

Is iad na Ballstáit a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin amháin a bheidh i dteideal caiteachais ar thithíocht, ach amháin caiteachas ar éifeachtacht fuinnimh agus ar úsáid fuinnimh inathnuaite mar a leagtar amach i mír 1a, i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:"

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[11] IO L 114, 27.4.2006, lch. 64.